



2024 PLEAN PÓILÍNEACHTA

AN GARDA SÍOCHÁNA



ÁBHAIR

Réamhrá

- Ábhair 2
- Brollach 4
- Forbairt an Phlean Póilíneachta Náisiúnta 6
- Struchtúr Rialachais 7

Colúin

- Forbhreathnú ar na Colúin 9
- Pobal 10
- Dul i nGleic le Coireacht agus Póilíneacht Choisctheach 12
- Íospartaigh agus Daoine Leochaileacha 14
- Slándáil Stát na hÉireann a Chosaint 16
- Athrú Inbhuanaithe agus Nuálaíocht 18

Cumasóirí

- Forbhreathnú ar na Cumasóirí 21
- Daoine agus Cuspóir 22
- Comhpháirtíochtaí 24
- Rannpháirtíocht 26
- Cumhachtú agus Iontaobhas 28
- Póilíneacht Bunaithe ar Fhaisnéis 30





BROLLACH

Is é Plean Póilíneachta 2024 an tríú plean bliantúil agus an plean deiridh a chuir an Garda Síochána ar fáil faoinár Ráiteas Straitéise 2022 - 2024. Ag tógáil ar an dul chun cinn agus ar an móiminteam le dhá bhliain anuas, leagann Plean Póilíneachta 2024 amach an chaoi a bhfuil sé beartaithe againn ár misean Ag Coinneáil Daoine Sábháilte a bhaint amach trí sheirbhísí sofhreagracha éifeachtacha agus éifeachtúla a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais ár bpobail, agus ag an am céanna bogadh ar aghaidh ar ár gcosán seirbhíse, fáis, nuálaíochta agus feabhsúcháin leanúnaigh.



Forbraíodh Plean Póilíneachta 2024 i gcomhthéacs dúshláin agus athraithe ar fud shochair na hÉireann, léirithe i nádúr na n-éileamh nua, atá ag forbairt agus nach féidir a thuar, atá roimh an nGarda Síochána agus an tseirbhís phoiblí i gcoitinne. Aithníonn an Plean Póilíneachta seo na dúshláin sin, agus leagann sé amach conas a chinnteoidimid go mbeidh an aclaíocht agus an fócas againn chun tacú le sábháilteacht pobail, coireacht a chosc agus a bhrath, íospartaigh a chosaint, cabhrú lenár mbóithre a dhéanamh níos sábháilte, agus slándáil an Stáit a chosaint. Déanann sé achoimre ar conas a bhainfidimid é seo amach mar eagraíocht a chuireann luach ar ár bpearsanra agus a chuireann ar a gcumas trí infheistíochtaí i dtacaíochtaí, córais, seirbhísí agus modhanna oibre inbhuanaithe.

Mar is amhlaidh leis an dá Phlean Póilíneachta roimhe seo arna bhforbairt faoinár Ráiteas Straitéise 2022-2024, tabharfaidh Plean Póilíneachta 2024 tús áite agus cuirfear chun cinn gníomhaíochtaí thar chúig cholún straitéiseacha: Pobal, Dul i nGleic le Coireacht agus Póilíneacht Choisctheach, Íospartaigh agus Daoine Leochaileacha, Slándáil an Stáit a Chosaint, agus Athrú Inbhuanaithe agus Nuálaíocht. Tacófar agus feabhsófar an ghníomhaíocht seo ag cúig fheidhm chumasaithe: Daoine agus Cuspóir, Comhpháirtíochtaí, Rannpháirtíocht, Cumasú agus Iontaobhas, agus Póilíneacht Bunaithe ar Fhaisnéis. Léiríonn na sainspríocanna a forbraíodh faoi gach ceann de na réimsí seo cuir chuige tras-eagraíochta leathana a chinnteoidh go soláthróimid seirbhís phóilíneachta atá éifeachtach, éifeachtúil, faisnéis-chumasaithe agus feiceálach, bunaithe ar luachanna ár gCód Eitice agus ár dtiomantas do Chearta an Duine.



BROLLACH

I measc na dtionscnamh a fhorbrófar agus a chuirfear chun cinn faoin bPlean Póilíneachta 2024 tá Plean nua do Dhaoine Óga; ullmhúcháin do thabhairt isteach píolótach Ceamaraí a Chaitear ar an gCorp do phearsanra an Gharda Síochána; an chéad chéim eile de chóras seolta GardaSAFE; cruthú líonra Garchabhair Meabhairshláinte chun tacú le sláinte agus folláine ár bpearsanra; agus ag bogadh ar aghaidh lenár gcomhpháirtithe chun dul i ngleic go comhoibritheach lenár bpobail agus fadhbanna inár bpobail a réiteach, lena n-áirítear forbairt Fóram nua um Ilchineálachta Rannáin, agus rolladh amach leanúnach na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla.

Tagann Plean Póilíneachta 2024 ag pointe acomhal i stair an Gharda Síochána. De réir mar a chríochnófar cur i bhfeidhm phrionsabail an Choimisiúin ar Thodhchaí na Póilíneachta, athróidh agus athailíniú an Bille Póilíneachta, Slándála agus Sábháilteachta Pobail nua an creat reachtúil faoina gcuirimid ár seirbhísí ar fáil, ina ndéanaimid teagmháil lenár gcomhpháirtithe agus lenár ngníomhaireachtaí maoirseachta, agus ina dtacaímid lenár bpearsanra. Cuirfidh oiriúnú don tírdhreach nua seo in 2024, agus ina dhiaidh sin, ar chumas an Gharda Síochána dul ar aghaidh mar eagraíocht nuálach, láidir agus iontaofa le fócas seasta ar dhul i ngleic leis an gcoireacht, pobail agus daoine leochaileacha a chosaint, agus Daoine a Choinneáil Sábháilte.



JA Harris
Coimisinéir
An Garda Síochána



FORBAIRT AN PHLEAN PÓILÍNEACHTA 2024

Ag teacht lenár gcreat straitéise agus pleanála, forbraíodh an Plean Póilíneachta Náisiúnta 2024 ag baint úsáide as raon foinsí, fachtóirí a bhfuil tionchar acu agus páirtithe comhairliúcháin, a bhfuil forbheathnú leagtha amach thíos.

Ráiteas Straitéise 2022-2024



Tosaíochtaí Póilíneachta



Moltaí neamhspleácha



Rannpháirtíocht



Ráiteas Straitéise 2022-2024

Tá spriocanna agus garspriocanna sa Plean Póilíneachta 2024 ailínithe leis na tosaíochtaí agus na cuspóirí colún agus cumasaithe a aithníodh i Ráiteas Straitéise 2022-2024.

Tosaíochtaí Póilíneachta

Na príomhréimsí a dteastaíonn ón Údarás Póilíneachta go ndíreodh an Garda Síochána orthu do 2022-2024.

Moltaí neamhspleácha

Na 10 bpríomhphrionsabal faoin gCoimisiún do Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn, Cigireacht an Gharda Síochána, an tÚdarás Póilíneachta agus príomhthuarascálacha neamhspleácha eile.

Rannpháirtíocht

Forbraítear spriocanna agus garspriocanna sa plean trí theagmháil leanúnach agus comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara ábhartha, agus scanadh ionchais leanúnach.

Plean Póilíneachta 2024

Tá an Plean Póilíneachta 2024 mar thoradh ar na fachtóirí thuas.



STRUCHTÚR RIALACHAIS



Tuairisciú ar sheachadadh
spriocanna agus ar dhul
chun cinn

Leagann an Plean Póilíneachta Náisiúnta síos na spriocanna eagraíochtúla agus na torthaí a scaiptear síos ar fud na heagraíochta, agus a bhaintear amach trí fheidhmíocht Náisiúnta agus Rannach.

Déanann Feidhmeannacht an Gharda Síochána agus an Fhoireann Shinsearach Cheannaireachta monatóireacht ar bhaint amach cuspóirí an Phlean Póilíneachta ar leibhéal náisiúnta. Tá tuairisciú bunaithe ar aschuir ar fud na heagraíochta, ag ionchorprú príomhghnóthachtálacha ag leibhéal Feidhme agus Rannáin.

Forbraíonn gach Rannán Plean Póilíneachta bliantúil a thacaíonn le baint amach na gcuspóirí náisiúnta ag leibhéal áitiúil.

Tá na Pleananna Rannáin ailínithe leis an bPlean Póilíneachta Náisiúnta, ach tá scóip ag Rannáin spriocanna agus tionscnaimh bhreise a chur leis, ag soláthar neamhspleáchais laistigh de chreat corparáideach.

Foilsítear na Pleananna Póilíneachta Náisiúnta agus Rannáin ag garda.ie.

"Ag Coinneáil Daoine Sábháilte"

Ráiteas Straitéise 3 Bliana

Plean Póilíneachta Náisiúnta

Spriocanna Leibhéal Náisiúnta do gach tosaíocht straitéiseach ailínithe le Colúin agus Cumasóirí

Plean Rannáin spriocanna ailínithe leis an bPlean Póilíneachta Náisiúnta

Rialachas Inmheánach

Límistéar Feidhme Dearbhú Feidhmíochta Rannáin

Freagracht as planáil agus dearbhú feidhmíochta i gcoinne pleananna

Dearbhú agus Athbhreithniú Réigiúnach

Faomhann an Coimisinéir Cúnta Pleananna Póilíneachta Rannáin

Creat Feidhmíochta agus Cuntasachta (CFC)

Reáchtáilann an Ard-Cheannfort cruinnithe CFC rialta - monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn

Torthaí agus tairbhí pobail bainte amach





COLÚIN



FORBHREATHNÚ AR NA COLÚIN



Colún 1 – Pobal



Colún 2 – Dul i nGleic le
Coireacht agus Póilíneacht
Choisctheach



Colún 3 – Íospartaigh agus
Daoine Leochaileacha



Colún 4 – Slándáil Stát na
hÉireann a chosaint



Colún 5 – Athrú Inbhuanaithe
agus Nuálaíocht



COLÚN 1

Pobal





COLÚN 1

Pobal

Leanúint ar aghaidh chun **naisc a neartú** le pobail, **ag obair i gcomhpháirtíocht** chun daoine a choinneáil sábháilte



Oibriú i gcomhpháirtíocht chun réitigh inbhuanaithe a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar imní faoi shábháilteacht an phobail, lena n-áirítear an dochar a dhéanann drugaí

Direoimid ar dhochar a chosc agus ar shábháilteacht a mhéadú inár bpobail, arna chumasú ag prionsabail na póilíneachta pobail agus ailíniú le Múnla Oibriúcháin na heagraíochta. Oibreoidimid lenár gcomhpháirtithe chun samhail athbheithnithe do bhainistiú ciontóirí a chur i bhfeidhm, agus forbróimid plean spriocdhírthe chun freastal ar riachtanais póilíneachta daoine óga. Déanfaimid an dochar a dhéanann drugaí do phobail a chomhrac, i gcomhar le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta, trí ghníomhartha a chur chun cinn faoin Straitéis Náisiúnta Drugaí, 'Dochar a Laghdú, Ag Tacú le Téarnamh 2017-2025'.



Téigh i dteagmháil le gach pobal chun seirbhís phóilíneachta a sholáthar a thuigeann agus a fhreagraíonn do riachtanais éagsúla na sochái

Treoraithe ag ár Straitéis um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, cuirfimid lenár gcuid le pobail eitneacha, éagsúla agus mionlaigh ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta. Bainfear é seo amach trí obair chomhpháirtíochta agus rannpháirtíochta, le fócas ar éagsúlacht, trí Fhóram Ilchineálachta Rannáin a phiolótú, agus trí oiliúint a sholáthar ar fud ár n-eagraíochta.

TIONCHAR

Trí sheirbhís Phóilíneachta Pobail atá comhsheasmhach, feiceálach agus gafa a sheachadadh ar an leibhéal áitiúil agus náisiúnta, méadóimid sábháilteacht an phobail agus coimeádfaimid muinín agus iontaobh ár bpobail. Trí aghaidh a thabhairt go réamhghníomhach ar fhoinsí díobhála inár bpobail, go háirithe ar iomadú drugaí agus ar athchiontú tromchúiseach, cuirfimid cur chuige coisctheach, réamhghníomhach, réitigh fadhbanna i bhfeidhm chun daoine a choinneáil sábháilte.

Trí éisteacht le gach pobal, dul i dteagmháil leo agus caidreamh a chothú leo, cinnteofar go dtuigimid a gcuid riachtanas agus gur féidir le híospartaigh na coireachta, go háirithe íospartaigh na fuathchoireachta, muinín agus iontaobh a bheith acu as an nGarda Síochána.



COLÚN 2

Dul i nGleic le Coireacht agus Póilíneacht Choisctheach





COLÚN 2

Dul i nGleic le Coireacht agus Póilíneacht Choisctheach

Tuar go réamhghníomhach agus aghaidh a thabhairt ar choireacht, lena n-áirítear treochtaí coireachta nua agus **atá ag teacht chun cinn**, ag baint úsáide as cur chuige póilíneachta éifeachtach atá bunaithe ar fhaisnéis



Coiriúlacht ag gach leibhéal a shainaithint, a dhiriú go réamhghníomhach agus cur isteach ar ag gach leibhéal, lena n-áirítear cineálacha coireachta nua agus atá ag teacht chun cinn

Bainfidimid an sprioc seo amach trí oibríochtaí bunaithe ar fhaisnéis, tráthúla agus freagrúla a dhéanamh chun dul i ngleic le cineálacha coireachta reatha, séasúrach agus atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear coireacht thromchúiseach agus eagraithe, i gcomhar le comhpháirtithe ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Díreimid ar fheasacht agus tuiscint an phobail ar bhagairt agus tionchar na coireachta a ardú trí fhor-rochtain, trí rannpháirtíocht agus trí chomhairle um chosc na coireachta a sholáthar.



Feabhas a chur ar ár n-inniúlacht agus ar ár n-acmhainn aghaidh a thabhairt ar choireacht trí chomhordú, trí chomhoibriú agus trí chur chuige atá bunaithe ar fhaisnéis

Leathnóimid ár gcumas chun coireacht a imscrúdú agus a bhrath trí struchtúir, córais agus cumas anailise feabhsaithe a sheachadadh. Cumasófar é seo trí infheistíocht bhreise i dteicneolaíocht, saincileanna gairmiúla agus infreastruchtúr, lena n-áirítear rolladh amach an Creat Náisiúnta um Fhaisnéis Choiriúil agus bunú Mol Cibearchoireachta sa Chabhán a chur chun cinn.

TIONCHAR

Trí úsáid a bhaint as cuir chuige atá bunaithe ar fhaisnéis ag leibhéal Rannáin, Réigiúnacha agus Náisiúnta, agus ag féachaint lenár n-inniúlacht agus ár n-acmhainn mar eagraíocht a fheabhsú, cinnteoidimid an úsáid is éifeachtúla agus is éifeachtaí dár n-acmhainní chun coireacht a réamh-mheas agus dul i ngleic léi.

Cuirfidh comhordú gníomhaíochta forfheidhmithe le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta, atá ailínithe le tosaíochtaí an Ardáin Eorpaigh Ildisciplínigh i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT), isteach ar chumas na nDrong Coireachta Eagraithe agus na nEagraíochtaí Coiriúla Trasnáisiúnta oibriú inár bpobail agus dochar a dhéanamh dóibh.



COLÚN 3

Íospartaigh agus Daoine Leochaileacha





COLÚN 3

Íospartaigh agus Daoine Leochaileacha

Dochar a laghdú trí dhínit agus **Ceartha Daonna íospartach agus gach duine leochaileach a bhíonn ag idirghníomhú leis an nGarda Síochána a chur chun cinn agus a chosaint**



Oibriú i gcompháirtíocht chun seirbhísí agus tacaíochtaí cui a sholáthar d'íospartaigh na coireachta, le fócas ar leith ar choireacht bhaile, gnéasach agus inscne-bhunaithe

Leabóimid ár gcur chuige atá dírithe ar íospartaigh ag gach leibhéal, bunaithe ar thacaíochtaí speisialaithe, inrochtana agus comhsheasmhacha a sholáthar. Áireofar leis seo gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm faoin tríú straitéis náisiúnta ar Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe, feabhas a chur ar ár gcumarsáid le híospartaigh, ár dtacaíochtaí teicneolaíochta a chur chun cinn, oiliúint speisialaithe dár bpearsanra, agus feachtais meán comhordaithe chun feasacht a ardú ar mhí-úsáid bhaile agus smacht comhéigneach.



Iompar freagrach ar ár mbóithre a chur chun cinn agus forfheidhmiú, ag obair i gcompháirtíocht leis an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta eile

Trí fheasacht, rannpháirtíocht agus forfheidhmiú, oibreoimid leis an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus le comhpháirtithe eile chun ár mbóithre a choinneáil sábháilte agus chun ár bhfreagrachtaí faoi Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021 - 2030. Bainfear é seo amach trí ghníomhaíocht ilghníomhaireachta agus feachtais fheasachta; cuir chuige freagrúla agus bunaithe ar fhaisnéis maidir le forfheidhmiú, agus scileanna agus cumais ár bpearsanra Póilíneachta Bóithre a fheabhsú tuilleadh.

TIONCHAR

Trí shainseirbhísí áitiúla a leabú agus a fheabhsú, mar Aonaid Seirbhísí Cosanta Rannáin, spreagfar íospartaigh na coireachta baile, gnéis agus inscne-bhunaithe muinín agus iontaoibh a bheith acu as coireacht a thuirisciú don Gharda Síochána. Feabhsóimid ár gcumas riachtanais shainiúla agus uathúla na n-íospartach a aithint tuilleadh, a thuiscint agus freagairt, ag obair go dlúth lenár ngníomhaireachtaí comhpháirtíochta.

Trí fhorfheidhmiú sábháilteachta agus fheachtais fheasachta sofhreagrach, bunaithe ar fhaisnéis a sheachadadh cothóimid muinín an phobail as ár ngréasán bóithre agus díreoidimid ar laghdú ar imbhuailtí marfacha agus tromchúiseacha ar ár mbóithre.



COLÚN 4

Slándáil Stát na hÉireann a Chosaint





COLÚN 4

Slándáil Stát na hÉireann a Chosaint

Slándáil an Stáit agus a mhuintir a chosaint ar sceimhlitheoireacht agus ar bhagairtí a dhéanann dochar dá leasanna rithábachtacha



Slándáil an Stáit a chosaint trí oibríochtaí atá bunaithe ar fhaisnéis, trí oibriú i gcompháirtíocht le gníomhaireachtaí intíre agus idirnáisiúnta, agus trí bhagairtí sceimhlitheoireachta agus gníomhaithe naimhdeacha a shainaithint agus cur isteach orthu

Déanfaimid oibríochtaí bunaithe ar fhaisnéis chun slándáil an Stáit a chosaint go réamhghníomhach ó bhagairtí sceimhlitheoireachta agus gníomhaithe naimhdeacha, ag obair i gcomhar le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta.



Cur chun feidhme an Phlean Forbartha na Seirbhíse Slándála chun inniúlacht agus acmhainn slándála agus faisnéise an Gharda Síochána a neartú

Cinnteoimid go mbeidh an inniúlacht agus acmhainn ag an nGarda Síochána slándáil an Stáit a chosaint trí Phlean Forbartha na Seirbhíse Slándála a chur i bhfeidhm.

TIONCHAR

Slándáil an Stáit a chosaint, agus an baol díobhála dár bpobail a laghdú, ó bhagairtí sceimhlitheoireachta agus ó ghníomhaithe naimhdeacha trí oibríochtaí atá bunaithe ar fhaisnéis.

Trí Phlean Forbartha na Seirbhíse Slándála a chur i bhfeidhm, méadóimid ár n-inniúlacht agus ár n-acmhainn slándála agus faisnéise chun slándáil an Stáit a chinntiú.



COLÚN 5

Athrú Inbhuanaithe agus Nuálaíocht





COLÚN 5

Athrú Inbhuanaithe agus Nuálaíocht

Cultúr **feabhsúcháin leanúnaigh** a spreagadh agus a chothú, a chuireann le **nuálaíocht** agus freagrúlacht i leith athruithe



Na struchtúir atá ag teastáil a leabú chun inniúlacht agus acmhainn athraithe ár n-eagraíochta a fheabhsú, agus chun tacú le cultúr feabhsúcháin leanúnaigh

Cuirfimid an um aistriú ardleibhéal i bhfeidhm chun fíis an stáit amach anseo maidir le straitéis agus bunathrú sa Gharda Síochána a bhaint amach. Áireofar leis seo inniúlacht agus acmhainn na heagraíochta chun athrú a dhéanamh a fheabhsú, tionscadail athchóirithe tosaíochta a chur chun cinn, agus ceanglais an Bhille Póilíneachta, Slándála agus Sábháilteachta Pobail nua a chomhlíonadh.



Inbhuanaitheacht a chumasú, a fhorbairt agus a thacú ar fud an Gharda Síochána trí chur i bhfeidhm an Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023-2030

Gníomhóidh an Garda Síochána chun tacú le hinbhuanaitheacht comhshaoil trí chur i bhfeidhm ár dTreochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide. Áireoidh sé seo comhtháthú méadaithe feithiclí leictreacha isteach i bhflit an Gharda Síochána, feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh ár bhfoirgnimh, agus feacht a mhéadú ar inbhuanaitheacht comhshaoil ar fud na heagraíochta.

TIONCHAR

Cothófar cultúr nuálaíochta, feabhsuithe leanúnaigh agus ullmhacht chun athruithe ar gach leibhéal den Gharda Síochána, bunaithe ar chur i bhfeidhm na bpríomhthionscadail athchóirithe agus forálacha an Bhille um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail. Léireoidh forbairt creata nua chun bealaí nuálacha oibre a aithint, a chur i bhfeidhm agus a réadú, cur chuige eagraíochtúil atá ag dul in aibíocht i leith an athraithe.

Trí chur i bhfeidhm ár dTreochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide, laghdófar ár n-ídiú fuinnimh, leabófar cleachtais atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus cruthófar acmhainn chun déileáil le dúshlán inbhuanaitheachta atá ag teacht chun cinn agus amach anseo.



CUMASÓIRÍ



CUMASÓIRÍ FORLÉARGAS



1. Daoine agus Cuspóir



2. Comhpháirtíochtaí



3. Rannpháirtíocht



4. Cumhachtú agus Iontaobhas



5. Póilíneacht Bunaithe ar Fhaisnéis



CUMASÓIR 1

Daoine agus Cuspóir





CUMASÓIR 1

Daoine agus Cuspóir

Is mór ag an nGarda Síochána a bheith ina eagraíocht **atá dírithe ar dhaoine**



Feabhas a chur ar ár gcumas tacaíochtaí Acmhainní Daonna, Oiliúna, Foghlama agus Forbartha cuí a chur ar fáil, rud a chuirfidh ar chumas ár bpearsanra rathúlacht a bhaint amach ina ról

Forbróimid agus cuirfimid i bhfeidhm straitéisí agus struchtúir dírithe ar an todhchaí, bunaithe ar fhaisnéis lena chinntiú gur féidir leis an nGarda Síochána ár bpearsanra a earcú, a choinneáil agus a fhorbairt. Áireoidh sé seo Straitéis Daoine cuimsitheach, cur i bhfeidhm Múnla Oibriúcháin Acmhainní Daonna nua, agus cur chuige sofhreagrúil i leith earcaíochta.



Tacú le sláinte agus folláine ár bpearsanra trinár Straitéis Sláinte agus Folláine a chur i bhfeidhm

Cinnteoimid go dtabharfar tacaíocht dár bpearsanra ar fad ina gcuid oibre trí phríomhghníomhartha faoinár Straitéis Sláinte agus Folláine a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear rochtain ar Gharchabhair Meabhairshláinte.

TIONCHAR

Feabhsóimid ár n-inniúlacht agus ár n-acmhainn tacú lenár bpearsanra agus cinnteoimid go bhfuil an Garda Síochána trealmhaithe leis na daoine agus na scileanna cearta chun seirbhís phóilíneachta a sholáthar a bhfuil muintín ag gach pobal as.

Beidh rochtain dhíreach agus rúnda ag gach pearsanra ar raon tacaíochtaí sláinte agus folláine gairmiúla agus creidiúnaithe agus beidh a fhios acu gur ball iad d'eagraíocht a chuireann luach ar a sláinte agus a bhfolláine, a chosnaíonn agus a chuireann chun cinn



CUMASÓIR 2

Comhpháirtíochtaí





CUMASÓIR 2

Comhpháirtíochtaí

Comhpháirtíochtaí straitéiseacha, comhoibríocha a ghlacadh agus a chothú chun ár n-eolas, ár seirbhís agus ár n-éifeachtacht a neartú go leanúnach



Oibriú le comhpháirtithe chun cur chuige ildisciplíneach agus ‘seirbhís iomlán’ a fheabhsú chun daoine a choinneáil sábháilte

Oibreoidimid le comhpháirtithe chun cur chuige comhoibríteach a neartú maidir le seachadadh seirbhíse ag leibhéal pobail, náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear Píolótaí Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúil, an Fóram Náisiúnta um Shábháilteacht Tuaithe, an Fóram um Gadaíocht Miondíola agus an Creat Náisiúnta um Bainistíocht Mórigeandálaí.



Deiseanna a fhiosrú, a fhorbairt agus a thapú chun comhoibriú trasna earnálacha chun ár gcur chuige bunaithe ar fhianaise i leith na seirbhíse a neartú

Leabóimid caibidil ar phóilíneacht atá bunaithe ar fhianaise sa Gharda Síochána, a bheidh frámaithe trí chomhpháirtíochtaí trasearnála a thógáil, ag baint úsáide as taighde inmheánach agus seachtrach ag foghlaim ón gcleachtas idirnáisiúnta is fearr agus ó fhorbhreathnú straitéiseach.

TIONCHAR

Ár seirbhís agus ár n-éifeachtacht a neartú trí oibriú comhpháirtíochta, agus mar sin muinín an phobail a chothú as ár gcumas aghaidh a thabhairt ar imní pobail agus ar mhórigeandálaí trí chomhoibriú idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúil.

Trí mhéadú ar chumais póilíneachta fianaise-bhunaithe sa Gharda Síochána agus trí chomhpháirtíochtaí a ghiaráil, cuirfimid lenár gcumas dúshlán póilíneachta reatha agus atá ag teacht chun cinn a réamh-mheas agus aghaidh a thabhairt orthu.





CUMASÓIR 3

Rannpháirtíocht






CUMASÓIR 3


Rannpháirtíocht

Cumarsáid agus rannpháirtíocht shoiléir dhá threo a fhorbairt trí bhealaí nua agus reatha



Rannpháirtíocht inmheánach agus sheachtrach a neartú trí chumarsáid oscailte agus spriocdhírthe

Beimid i dteagmháil lenár bpobail, thar ardáin meán éagsúla, lena chinntiú go dtuigimid agus go bhfreagraimid dá riachtanais agus dá dtosaíochtaí, bunaithe ar léargais a fuarthas ó Shuirbhé méadaithe ar Dhearcadh an Phobail. Feabhsóimid ár modhanna agus ár gcur chuige maidir le cumarsáid inmheánach a thuilleadh.



Freagra a thabhairt ar an méid a foghlaimíodh san Iniúchadh Cultúir an Gharda Síochána

Cuirfimid roinnt gníomhartha agus freagairtí forásacha i bhfeidhm a thagann ón méid a foghlaimíodh ónár nIniúchadh Cultúir, chun ár gcultúr san ionad oibre a fheabhsú tuilleadh, agus chun mórtas agus cuspóir a chothú i measc ár bpearsanra.

TIONCHAR

Cuirfidh cumarsáid shoiléir, seasta, oscailte agus tarraingteach, go himmheánach agus go seachtrach araon, ar ár gcumas riachtanais ár bpobail agus ár bpearsanra a thuiscint, agus tacóidh úsáid mhéadaithe ár Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail lenár gcumas tionchar ár seirbhís phóilíneachta sa phobal a thomhas, agus na sonraí seo a athrú go heolas.

Féachfaidh dul chun cinn na dtionscadal tras-eagraíochta atá deartha mar fhreagra ar ár nIniúchadh Cultúir le timpeallacht oibre níos fearr a chruthú dár bpearsanra, rud a thacóidh le soláthar seirbhíse níos fearr inár bpobail.



CUMASÓIR 4

Cumhachtú agus Iontaobhas





CUMASÓIR 4


Cumhachtú agus Iontaobhas

Cultúr de chumhachtú agus muinín a chothú, fréamhaithe san **ionracas agus i gcosaint Chearta an Duine**



Iompar gairmiúil agus eiticiúil sa Gharda Síochána a chur chun cinn agus a neartú

Cinnteoimid go mbeidh bearta láidre i bhfeidhm chun tacú lenár bpearsanra, chun dul i ngleic leis an gcaimiléireacht, agus chun na caighdeáin iompair agus eitice is airde a chur chun cinn. Áireoidh sé seo príomhghníomhaíochtaí faoinár Straitéis um Chearta an Duine a chur chun cinn, moltaí neamhspleácha glactha a chur i bhfeidhm, leanúint ar aghaidh leis an gCód Eitice, agus tabhairt isteach Tástáil ar Mhí-Úsáid Substaintí agus Grinnfhiosrúchán Ionghairme don Gharda Síochána a chur chun cinn.



Rolladh amach an tSamhail Oibriúcháin Eagrúcháin an Gharda Síochána

Tugann Samhail Oibriúcháin an Gharda Síochána isteach athruithe suntasacha ar an gcaoi a bhfuil an Garda Síochána struchtúrtha, acmhainní agus feidhmiú ag leibhéil Rannáin, Réigiúnacha agus Náisiúnta. Tabharfaimid chun críche rolladh amach an tSamhail Oibriúcháin ag leibhéal na Rannóige agus leanfaimid ar aghaidh leis an rolladh amach ag leibhéil Réigiúnacha agus Náisiúnta a chur chun cinn.

TIONCHAR

Ligfidh iompar trédhearcach, cuntasach agus eiticiúil ar gach leibhéal dúinn muinín agus iontaobh an phobail as an nGarda Síochána a chothabháil, le tacaíocht ó chultúr inmheánach machnaimh agus foghlama. Tabharfaimid tacaíocht agus cumhacht dár bpearsanra chun cinntí eiticiúla a dhéanamh, atá fréamhaithe i leith Cearta an Duine.


Cinnteoimid an tSamhail Oibriúcháin seirbhísí seasta, éifeachtacha agus speisialaithe i ngach pobal áitiúil, agus tabharfar níos mó neamhspleáchais do Rannáin agus Réigiúin chun seirbhísí phóilíneachta a sheachadadh a léiríonn riachtanais uathúla áitiúla.



CUMASÓIR 5

Póilíneacht Bunaithe ar Fhaisnéis





CUMASÓIR 5

Póilíneacht

Bunaithe ar Fhaisnéis

Seirbhís bunaithe ar fhaisnéis a chothú, ag baint úsáide as sonraí agus teicneolaíocht chun éifeachtúlachtaí, éifeachtacht agus cinnteoireacht a thiomáint



Ár bhFís Sonraí agus Teicneolaíochta a chur chun cinn trí Phlean Oibre TFC 2024 a chur i bhfeidhm

Tabharfaimid tús áite d'fhorbairt, d'úsáid agus do chomhtháthú príomhthionscadail TFC, mar chuid dár bhFís Sonraí agus Teicneolaíochta. Áireoidh sé seo píolótú Ceamaraí a Chaitear ar an gCorp sa Gharda Síochána agus Céim 2 de chóras seolta GardaSAFE.



Cáilíocht sonraí feabhsaithe a úsáid chun úsáid na sócmhainní sonraí i bpóilíniú oibríochtúil a leathnú de réir a chéile

Ag tógáil ar ár n-aitireacht cáilíochta sonraí láidir agus feabhsaithe, oibreoidimid chun cultúr seirbhíse bunaithe ar fhaisnéis, cumasaithe ag gach leibhéal a chothú i gcomhréir leis an bhFís Sonraí agus Teicneolaíochta.

TIONCHAR

Tacaíonn an fhís Sonraí agus Teicneolaíochta le Ag Coinneáil Daoine Sábháilte trí sonraí, teicneolaíochta agus pearsanra an Gharda Síochána a nascadh. Cuirfear chun cinn nuachóiriú theicneolaíocht an Gharda Síochána trí chórais chorparáideacha agus phóilíneachta nua agus uasghrádaithe a sheachadadh, atá leagtha amach sa Treochlár TFC don bhliain 2024. Neartóidh sé seo an t-ardán bunúsach tuilleadh chun tacú le póilíneacht bunaithe ar fhaisnéis.

Déanfaimid ár gcórais teicneolaíochta agus ár bhfeidhmeanna sonraí speisialaithe a ghíaráil chun sonraí oibriúcháin a athrú go sábháilte, go heiticiúil agus go hiontaofa ina léargais do Ghardaí túslíne chomh maith le tacú le cinntí póilíneachta agus bainistíochta corparáidí.



DÉAN TEAGMHÁIL LINN

 www.garda.ie

 policingplan@garda.ie

